

ART COMPETITION

There was a fantastic turnout for the Slaney Valley Community Games Art competition in Kildavin on Saturday 14 January. The top three in each category will go forward to compete at county level. The county finals will be held in the Presentation College, Carlow on Saturday 11 February. Results: girls' U8, 1st: Ava Tracey, 2nd: Cara Murphy, 3rd: Róisín Mulvihill and 4th: Sarah Cox. Boys' U8; 1st: Eamon Murphy, 2nd: Warren Austin, 3rd: Shane Murphy and 4th: Cormac Gahan. Girls' U10 1st: Emma Kinsella, 2nd: Aoife Carroll, 3rd: Emer Cowman and 4th: Zoe Coulahan. Boys' U10 1st: Cian Byrne, 2nd: Conor Brennan, 3rd: Tom Tracey and 4th: Stephen Sharry. Girls' U12 1st: Sophie Coleman, 2nd: Ashling Cowman, 3rd: Lauren Byrne and 4th: Shauna Ryan. Boys' U12 1st: Niall Hickey, 2nd: Rowan Deane 3rd: Richard Byrne and 4th: Kevin Sheppard. Girls' U14 1st: Sinead Nolan and 2nd: Rosemary Smyth. Boys' U14 1st: Tommy Sheppard, 2nd: Jamie Rooney and 3rd: Cillian Redmond. Girls' U16 1st: Róisín Gerardi.

INDOOR SOCCER

Well done also to the Slaney Valley boys' U13 indoor soccer

team, who took part in the county Community Games in Carlow on Sunday 15 January. The team consisted of Liam McGuill, Arran Dobbs, Cillian Redmond, Griffin Kennedy, Sean Brennan, Aaron Ronan, Robert St Ledger and Robert Gahan and they were coached by Jason Carroll.

CANCER HOMECARE

Cancer Homecare would like to express their gratitude to all

which supported locals Seanie and Caroline Byrne in raising a sum of €10,160 in aid of Cancer Home Care, Bunclody. Over the Christmas holidays, a magnificent display of lights could be seen from all over Clonegal. Cancer Homecare would like to give a special thanks to Seanie, Caroline and their family for the worthy cause and hope they will continue their good deed again next year.



Grainne McCarthy and Onagh Brennan at the Customer Night in the Talbot Hotel

Photo: John Courtney

Glór Cheatharlach

Comórtas Díospóireachta Gael Linn

Reachtáilann Gael Linn Comórtas Díospóireachta idir iarbhunscoileanna na tíre gach bliain agus is iomaí foireann as scoileanna an cheantair a bhí páirteach i gcéad bhabhtaí an chomórtais roimh Nollaig. Ina measc bhí foireann na sinsear as Acadamh Naomh Muire, Scoil na mBráithre, Ceatharlach. Is i Meánscoil na Cistéirseach i Ros Cré a tionóladh an díospóireacht agus b'é an rún a bhí á phlé ag na foirne éagsúla ná "Tá ról rí-thábhachtach ag Uachtarán na tíre seo". Bhí caighdeán díospóireachta na gcainteoirí uile thar barr agus d'éirigh le foireann Cheatharlach dul ar aghaidh go dtí an dara babhta den chomórtas a bheidh ar siúl ag deireadh Mhí Eanáir. Triúr atá ar an bhfoireann Conchobhar Mag Uidhir, Peadar

Ó Muiris agus captaen na foirne Daithí Ó Néill. Comhghárdeachas leo triúr agus leis an múinteoir a threoraigh iad, Pádraig Ó Cofaigh.

Is í an phríomhaidhm atá leis an gcomórtas díospóireachta ná an Ghaeilge a chur chun cinn sa seomra ranga mar aon le scoileanna argóna agus caint phoiblí a chothú i measc na macléinn. Le 40% de na marcanna sa Scrúdú Ardeistiméireachta ag dul don bhéaltríal i mbliana is buntáiste iontach do scoláirí a bheith páirteach i ndíospóireachtaí.

Bhuail Conchobhar, Peadar agus Daithí isteach chuig stiúideo Kclr chun an deascéal a roinnt le héisteoirí an chlár Tobar an Cheantair. Nach iad a bhí líofa agus mórálach astu féin. Déanann Glór Cheatharlach

comhghárdeachas ó chroí leo agus guímid gach rath orthu sa chéad bhabhta eile den chomórtas.

Gluais:	Glossary:
comórtas	competition
díospóireacht	debate
iarbhunscoileanna	post primary schools
foireann	team
rún	motion
buntáiste	advantage
caint phoiblí	public speaking
babhta	round

Bain SULT as 2012

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig céad SULT na bliana 2012 ar an Déardaoin, 26 Eanáir ag 9.00i.n. i dTeach Dolmain. Is ócáid neamhfhoirmiúil í Sult nuair a thagann daoine le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí chun taitneamh a bhaint as comhrá agus comhlúadar trí Ghaeilge.

Is deis iontach í seo do dhaoine le suim sa Ghaeilge í a labhairt go sóisialta. Bailíonn SULT le chéile ag an mbord Gaeilge díreach taobh istigh den doras i dTeach Dolmain ó 9 a chlog. Bíg linn ar an Déardaoin seo agus ar an Déardaoin deireannach de gach mí i rith na bliana. Cead isteach saor.



Foireann Díospóireachta Peadar Ó Muiris, Daithí Ó Néill agus Conchobhar Mag Uidhir as Acadamh Naomh Muire ar chlár Tobar an Cheantair ar Kclr96fm le déanaí.

Ranganna Ghaelchultúir ag filleadh ar Cheatharlach



Lucy Ní Bhroin, Emma Uí Bhroin, Michelle Ní Riain agus Pól Ó Murchú ag seoladh Cúrsaí Ghaelchultúir i gCeatharlach.

Seans go bhfuil rún nua don bhliain nua le déanamh ag daoine fós. Bhuel seo smaoinemh maith ó Ghlór Cheatharlach.... Gaeilge a fhoghlaim nó cur le pé Ghaeilge atá agat cheana féin! Tá an-áthas ar Ghlór Cheatharlach a fhógairt go mbeidh sraith nua de na ranganna oíche Gaeilge do dhaoine fásta i gcomhar le Gaeilchultúr ag filleadh ar Cheatharlach go luath. Tosóidh na ranganna ag tús Mhí Feabhra agus tá clárú oscailte anois.

D'éirigh thar barr le sraith an fhómhair de na cúrsaí a mhair ó Mhí Mheán Fómhair go Mí na Nollag agus bhain gach duine a d'fhreastail ar na ranganna an-taitneamh agus tairbhre astu. Is é seo an t-aonú téarma déag de na cúrsaí Ghaelchultúir ó thosaigh siad i gCeatharlach í Méan Fómhair 2008 agus is iomaí duine atá tagtha ar ais arís is arís eile chun cúrsa nua agus leibhéal níos airde a dhéanamh.

Tosóidh cúrsaí an earraigh an tseachtain dar tús an 6ú Feabhra agus rachaidh siad ar aghaidh thar thréimhse 12 seachtain (le briseadh don Cháisc). Arís don téarma seo beidh trí leibhéal ar fáil anseo i gCeatharlach agus is iad siúd Bunrang 2, Meánrang 1 agus Meánrang 2. Is ar oícheanta Luain a bheidh Bunrang 2 ar siúl agus tá an leibhéal seo oiriúnach d'éinne le Gaeilge an-bhunúsach agus atá ag iarraidh feabhas a chur ar an méid atá acu. Beidh Meánrang 1 agus Meánrang 2 ar oícheanta Mháirt. Tá Meánrang 1 oiriúnach d'fhoghlaimoirí le leibhéal maith Gaeilge agus atá ag iarraidh chur le foclóir agus líofacht na teanga. Oireann Meánrang 2 d'fhoghlaimoirí atá ag iarraidh snas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus ar an ngramadach. Is €200 táille iomlán gach cúrsa agus beidh na ranganna go léir ar siúl in oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach ó 7.00-9.00i.n.

Dar le hEmma Uí Bhroin, Oifigeach Forbartha Gaeilge le Glór Cheatharlach táthar ag súil go mbeidh daoine nua ag clárú do na cúrsaí chomh maith le daoine ón bhliain seo caite ag teacht ar ais arís. "Tá na fiosruithe ag teacht isteach cheana féin", arsa Emma, "Taispeánann sé arís cé chomh mór is atá an tsuim sa Ghaeilge agus an tacaíocht don chultúr anseo i gCeatharlach le daoine ag iarraidh an teanga a fhoghlaim nó feabhas a chur ar an nGaeilge atá acu".

Is féidir scrúdú gearr a dhéanamh ar shuíomh idirlín Ghaelchultúir ar www.gaelchultur.com chun an leibhéal is oiriúnaí do dhuine a roghnú. Gach eolas agus clarú ar www.gaelchultur.com nó is féidir dul i dteagmháil le hEmma in oifig Glór Cheatharlach ar (059) 9158105 nó (085) 1340047 nó emma@glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
rún	resolution
smaoinemh ag filleadh	idea
clárú	returning registration
sraith	series
leibhéal	level
fiosruithe	enquiries
teagmháil	contact

Cruinniú Ghlór Cheatharlach

Tionólfar cruinniú cinn bhliana Ghlór Cheatharlach sa seomra thuas staighre i dTeach Dolmain ar an Déardaoin, 26 Eanáir ag 7.30i.n. Tá rogha leathan d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí suimiúla ar chlár na bliana amach romhainn agus cuirfidh Glór Cheatharlach fáilte is fiche roimh bhaill nua ach go háirithe. Saothraíonn Glór Cheatharlach chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phoail áitiúil. Chun a bheith páirteach ní gá go mbeadh duine líofa sa teanga. Is tábhachtaí fós suim agus spéis sa Ghaeilge agus is féidir páirt a ghlacadh sa rannóg den saothar is fearr leis an duine féin. Mar sin glac leis an gcuireadh agus bí linn i mbliana. Tá gach eolas ar fáil ach gloach a chur ar 059 9158105 nó 085 1340047 nó tar chuig an cruinniú cinn bhliana ar an Déardaoin. Beidh fáilte romhat.